

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI04

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Déanfaidh na daltaí imscrúdú ar ghnéithe éagsúla den oidhreacht áitiúil agus den stair agus cuirfidh siad síos an t-eolas sin i bhfoirm slí áitiúil.

Cuspóirí

Feasacht oidhreachta áitiúil a chur chun cinn. Iniúchadh agus imscrúdú a spreagadh mar mhodh le heolas áitiúil a fháil amach agus spéis a chothú san imshaol áitiúil.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaol

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaol dhaonna; Imshaol nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Stair - Staidéir áitiúla; Leanúnachas agus athrú thar am

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú, ag sinitéisiú agus ag cur in iúl agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha. Ag obair mar staraí.

Am

20 nóiméad cur i láthair; seisiúin 30-40 nóiméad ag déanamh taighde ar an slí

Nascadh le Scoileanna Glasa

Ag smaoineamh ar na gnéithe sainiúla a bhaineann leis an imshaol áitiúil agus le clós na scoile.

Slí a aimsiú

AG FÉACHAINT AR OIDHREACTH AGUS AR STAIR ÁITIÚIL

CAD A THEASTÓIDH UAIT

→ Léarscáileanna áitiúla

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Iarr ar an rang smaoineamh ar áiteanna cáiliúla nó ar fhoirgimh cháiliúla in Éirinn. D'fhéadfaidís Brú na Bóinne, Aillte an Mhothair, Dún Aonghusa, Ardeaglais Chríost nó Boirinn (d'fhéadfaí cúpla moladh a thabhairt tú féin ag an tús). Beidh samplaí le fáil i leabhair staire agus tíreolaíochta, chomh maith le pictiúirí agus eolas.

2 Pléigh leis an rang conas gur chuid d'oidhreacht náisiúnta na hÉireann iad áiteanna den sórt sin. Chomh maith leis na suímh náisiúnta is cáiliúla, tá a oidhreacht agus a stair féin ag gach ceantar áitiúil. Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar shamplaí atá in aice leo féin, cibé an bhfuil siad cáiliúil nó nach bhfuil.

3 Roinn na daltaí i ngrúpaí agus cuir léarscáil shonraithe dá gceantar i láthair gach grúpa (léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis ab fhearr, cé go bhféadfaí na léarscáileanna a

tharraing na daltaí sa chleachtadh roimhe seo a úsáid má tá dóthain eolais iontu).

4 Iarr ar na daltaí foirgneamh na scoile a aimsiú ar an léarscáil. An bhfuil siad in ann smaoineamh ar aon suíomh eile sa cheantar áitiúil a d'fhéadfadh a bheith ar an léarscáil, mar sheanfhoirgneamh séipéil nó fothraigh, aibhneacha, príomhbhóithre nó b'fhéidir lár an bhaile?



CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI04

ar leanúint →

- 5** A luaithe agus a bheidh roinnt gnéithe aimsithe ag na daltaí iarr orthu smaoineamh ar na gnéithe saineolaíoch a bhaineann leis an imshaol ina gcónaíonn siad. Féadfaidh siad leas a bhaint as an tábla atá faoi ianm chun cuidiú leo. Más féidir leo d'fhéadfadh na daltaí an ceantar áitiúil a imscrúdú, ag baint leasa as an tábla mar threoir, agus smaoineamh cad chuige go bhfuil gnéithe áirithe mar atá siad. Cad chuige go bhfuil gné áirithe ansin? Cá fhad é ansin? Cad a insíonn sé dúinn faoinár gceantar áitiúil?
- 6** Agus iad ar ais sa seomra ranga beidh na daltaí in ann na gnéithe ar fad atá feicthe acu a chur i ngrúpa faoi na ceanteideal seo a leanas: Logainmneacha, Creideamh, Iarsmaí Seandálaíochta, Saoráidí Oideachais, Foirgnimh, Bóithre, Talamh agus talmhaíocht, Trádáil agus tionsclaíocht, Saol sóisialta, Iompar, Saoráidí poiblí, Díl agus ord agus Míleata.
- 7** Féadfaidh na daltaí ansin gnéithe sonracha a phiocadh ar mhaith leo a bheith san áireamh ina slí agus ina dtaighde níos mó, ag úsáid na n-acmhainní atá liostaithe.

Féach na hacmhainní breise ar conas slite oideachais a fhorbairt, atá curtha le chéile arís sa phacáiste seo le caoinchead ó Chumann Múinteoirí Éireann.

- 8** Féadfaidh an rang ansin a gcuid taighde a chur i láthair mar bhileog eolais ar oidhreacht áitiúil, leabhrán, léarscáil slí oidhreacht nó mar mhír i bpáipéar nuachta áitiúla nó i nuachtlitr áitiúil. D'fhéadfaí iad sin a chur ar taispeáint sa scoil nó i leabharlann áitiúil, banc nó in ionad poiblí eile.

Acmhainní

- 1** D'fhéadfaidís seo a leanas cabhrú leat le do thaighde:
- 2** History Around You - Bileog Eolais BE4 ENFO. Cuireann sé seo liosta ar fáil d'eagraíochtaí úsáideacha agus seolta teagmhála i gcás an chineál seo taighde. Féach www.enfo.ie
- 3** Do leabharlann áitiúil - is dóigh go bhfuil acmhainní iontacha ann ó thaobh an tionscadail seo. Má bhíonn tú ag tabhairt cuairte ar an leabharlann, b'fhéidir gurbh fhearr glao orthu roimh ré mar go mb'fhéidir go mbeadh am ag teastáil uathu leis an rang a ullmhú.

- 4** Soláthraíonn an Scéim Oidhreacht i Scoileanna, a reachtálann an CMÉ agus an Chomhairle Oidhreacht, eolaire de réimse cuimsitheach saineolaíoch a bheidh ar fáil le cuairt a thabhairt ar do scoil chun labhairt ar go leor topaicí oidhreacht, stairiúla agus imshaoil áitiúil. Féach www.into.ie/html/development/her_intro.htm

Ar aghaidh leat

- 1** Ceann de na bealaí is idirghníomhaí agus is suimiúla le fáil amach faoi d'áit chónaithe is ea cuireadh a thabhairt do dhuine éigin ón bpobal a theacht isteach chun labhairt leis an rang. D'fhéadfadh na daltaí smaoineamh ar roinnt ceisteanna nó topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus cuireadh a thabhairt do dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar le fada a theacht agus labhairt leo faoin taithí atá acusan.

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI04

STAIR AGUS OIHDREACTH ÁITIÚIL

An bhfuil do scoil suite i gcathair, i mbaile, i sráidbhaile, i mbruachbhaile nó i bpobal tuaithe?
Conas atá a fhios agat?

Cad é an t-ainm atá ar do cheantar áitiúil?
An bhfuil a fhios agat ainm Gaeilge agus ainm Béarla na háite?
An n-insíonn na hainmneacha tada duit faoi stair do phobail nó do cheantair?

An bhfuil aon seanfhothracha in aice le do scoil? Cén sórt fothrach atá i gceist?

Cad é an foirgneamh is sine i do cheantar?
Cad le haghaidh a n-úsáidtear an foirgneamh anois?
Cad le haghaidh a húsáideadh an foirgneamh an chéad lá riamh?

An bhfuil aon acmhainní nádúrtha in aice le do scoil? (m.sh. abhainn, foraois, sliabh, loch, páirc, sean-eastát, srl.)
An n-insíonn na háiteanna sin tada duit faoi do cheantar áitiúil? D'fhéadfadh leideanna a bheith sna hainmneacha atá ar chuid de na háiteanna a mhíneodh cad chuige gur fhás baile nó sráidbhaile sa cheantar (m.sh. dhá abhainn a tháinig le chéile, bun sléibhe, sráidbhaile áitiúil ag freastal ar theach mór agus eastát)

Cad iad na gnéithe saorga atá gar do do scoil?
Tabharfaidh rudaí ar nós boscaí poist, caidéal sa tsráidbhaile, séadchomharthaí cloch nó clúdaigh dúnphoill eolas duit ar an saol a caitheadh. D'fhéadfadh ceangal a bheith ag canálacha, ráillí iarnróid nó stáisiúin nó príomhbhóithre leis na tionscail nó leis na gnóthaí atá i do cheantar nó a bhí ann tráth.